**An Bhruiséil, 14 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6995/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 203**
**UEM 53**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais<br>– Dréacht-Chonclúidí athbhreithnithe ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na dréachtchonclúidí athbhreithnithe ón gComhairle maidir le 'Treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais' do chruinniú Chomhairle ECOFIN an 14 Márta 2023.

**TREOSHUÍMH LE hAGHAIDH ATHCHÓIRIÚ AR CHREAT RIALACHAIS EACNAMAÍOCH AN AONTAIS**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ATHBHREITHNITHE ÓN gCOMHAIRLE**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. MEABHRAÍTEAR DI go measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn iad a mbeartais eacnamaíocha agus fhioscacha agus déanfaidh siad comhordú orthu i dtionól na Comhairle, i gcomhréir leis an gConradh. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil creat rialachais eacnamaíoch an Aontais ríthábhachtach chun comhordú agus faireachas éifeachtach a dhéanamh ar an mbeartas eacnamaíoch ar fud an Aontais, lena n-áirithítear do na Ballstáit uile, fóntacht agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena ndéantar fás agus cóineasú eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, agus lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, arna dtacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear an fás agus an athléimneacht.

2. AITHNÍONN SÍ gur lean geilleagar an Aontais dá théarnamh láidir tar éis na paindéime, go háirithe a bhuí leis an ngníomhaíocht mhear beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, tá an iliomad dúshlán eacnamaíoch agus sóisialta le sárú aige, idir dhúshláin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha, a eascraíonn as teannas geopholaitiúil méadaithe, boilsciú ard agus rátaí úis méadaithe, an t-athrú aeráide, an digitiú, an t-athrú déimeagrafach, an gá atá le tacú le hiomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach i ngeilleagar oscailte, a thábhachtaí atá sé fuinneamh inacmhainne agus slándáil an tsoláthair a áirithiú agus an gá atá leis na cumais chosanta a fhorbairt. Is gá athchóirithe uaillmhianacha agus infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh chun tabhairt faoi cuid mhór de na dúshláin sin. Thairis sin, le géarchéim na paindéime chomh maith le hiarmhairtí chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá méaduithe breise ar na leibhéil fiachais, atá ard cheana féin agus is gá a laghdú de réir a chéile agus ar bhealach réalaíoch.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 maidir le treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. AITHNÍONN SÍ gur iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an obair maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch a chur chun cinn go pras, agus na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Feabhra 2023 á gcur san áireamh. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí éifeachtacht an chreata atá ann cheana a mhéadú trí athbhreithniú a dhéanamh air.

4. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gné ríthábhachtach de chreat rialachais eacnamaíoch éifeachtach í an úinéireacht náisiúnta. AITHNÍONN SÍ na tairbhí a bhaineann le dul i dtreo na pleanála fioscaí ilbhliantúla, agus timthriall an fhaireachais bhliantúil á choinneáil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ag an am céanna. AITHNÍONN SÍ gur gá staideanna tosaigh fioscacha agus ionchas fioscach na mBallstát a chur san áireamh, chomh maith le saintréithe eacnamaíocha i gconairí fioscacha difreáilte. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach an creat a shimpliú chomh maith lena ghné iltaobhach a chaomhnú. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cóir chomhionann, trédhearcacht agus intuarthacht.

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na réimsí cóineasaithe tuairimí seo a leanas i measc na mBallstát maidir le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe:

a) Níl aon athrú ar luachanna tagartha an Chonartha de 3 % do chóimheas an easnaimh rialtais pleanáilte nó iarbhír leis an olltáirgeacht intíre ar phraghsanna margaidh agus 60 % do chóimheas an fhiachais rialtais leis an olltáirgeacht intíre ar phraghsanna margaidh. Ba cheart a áirithiú, leis an gcreat rialachais eacnamaíoch, go gcloífear leis na luachanna tagartha sin ar bhealach níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe.

b) Ba cheart do na Ballstáit uile pleananna meántéarmacha náisiúnta fioscacha-struchtúracha a thíolacadh, a luaithe a thiocfaidh creat athchóirithe rialachais eacnamaíoch i bhfeidhm. Ba cheart, leis na pleananna náisiúnta, an beartas fioscach, athchóirithe agus infheistíochtaí a chumhdach. Ba cheart, leis na pleananna, conair fhioscach náisiúnta a shocrú, arna sainiú i dtéarmaí glanchaiteachas príomha mar tháscaire oibríochtúil aonair.

c) Ba cheart do na Ballstáit an chonair fhioscach a ullmhú mar chuid dá bpleananna náisiúnta i gcomhréir leis an gconair fhioscach theicniúil ón gCoimisiún. Beidh sé sin mar chreat don idirphlé leis an mBallstát faoi seach, inar cheart údar cuí a thabhairt le difríochtaí idir an plean agus an chonair. Ba cheart conair an Choimisiúin a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann a chomhaontófar, a bheidh inmhacasamhlaithe, intuartha agus trédhearcach, agus ba cheart anailís ar fhiachas poiblí agus ar dhúshláin eacnamaíocha a áireamh inti. Beidh pléití teicniúla tráthrialta ar réamh-mheastacháin agus réamhaisnéisí mar threoir dó agus ba cheart é a phlé i gcomhthéacs iltaobhach sna Coistí ábhartha. Le conair theicniúil an Choimisiúin, ba cheart iarracht fhioscach a áirithiú chun fiachas a chur ar chonair ina mbeidh sé ag laghdú go leordhóthanach nó chun é a choinneáil ar leibhéil stuama, agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí á caomhnú agus athchóirithe agus infheistíocht phoiblí á gcur chun cinn ag an am céanna. Chuige sin, ba cheart féachaint ar fhorálacha comhchoiteanna coimirce chun laghdú leordhóthanach fiachais a áirithiú agus chun cosc a chur ar chúl-ualú na n-iarrachtaí fioscacha.

d) Ba cheart don Choimisiún measúnú iomlán trédhearcach a dhéanamh ar na pleananna agus ar na nuashonruithe a d'fhéadfadh a bheith ann, bunaithe ar phrionsabail choiteanna mheasúnaithe a bheidh le comhaontú, agus a bheith faoi réir grinnscrúdú agus formhuiniú iltaobhach ag an gComhairle. Leis an gcreat, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngá atá lena ligean don phróiseas daonlathach sna Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha a mhúnlú. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí na pleananna uile a ailíniú, arna iarraidh sin, leis an timthriall toghchánach náisiúnta, a athbhreithniú le haontachas rialtas nua, agus a thabhairt cothrom le dáta in imthosca oibiachtúla, agus uaillmhian an choigeartaithe fhioscaigh á coinneáil ag an am céanna.

e) D'fhéadfaí síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh, má gheallann Ballstát sraith incháilithe d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear ionchais fáis nó athléimneacht, lena neartaítear an t-airgeadas poiblí agus, ar an gcaoi sin, lena n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach, agus lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear dúshláin infheistíochta poiblí don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus forbairt na gcumas cosanta. Ba cheart an coigeartú a sheicheamhú go hiomchuí chun cúl-ualú a chosc.

f) I gcás na mBallstát uile, ba cheart a áirithiú leis na pleananna náisiúnta go gcomhlíonfar an critéar maidir le heasnamh, nó go ndéanfaí dul chun cinn leordhóthanach inchreidte i dtreo comhlíonta, i gcomhréir, más infheidhme, le haon mholtaí ón gComhairle chuige sin, sa phlean tríd síos. Ba cheart an nós imeachta um easnamh iomarcach ar bhonn sárú ar an gcritéar easnaimh 3 % a fhágáil gan athrú, lena n-áirítear an measúnú ar na fachtóirí ábhartha.

g) I gcás na mBallstát a bhfuil cóimheas fiachais phoiblí le OTI os cionn 60 % acu, ba cheart a áirithiú leis na pleananna meántéarmacha náisiúnta go bhfuil an cóimheas ag laghdú a dhóthain. I gcás na mBallstát a bhfuil cóimheas fiachais phoiblí le OTI faoi bhun 60 % acu ach a bhfuil dúshláin fiachais phoiblí acu, ní mór a áirithiú leis an bplean meántéarmach náisiúnta go bhfanfaidh an cóimheas ar leibhéil stuama. Ba cheart tús a chur leis an scrúdú ar easnamh iomarcach a bheith ann ar bhonn sárú ar an gcritéar fiachais i gcásanna ina sáraíonn Ballstát an luach tagartha 60 % agus ina ndéantar diallas ón gconair fhioscach a comhaontaíodh a thabhairt faoi deara. I gcás nós imeachta um easnamh iomarcach i gcás sárú ar an gcritéir fiachais, cuirfear na tosca ábhartha uile san áireamh. Ba cheart a n-úsáid a shoiléiriú nuair is gá. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhaontú leis an gComhairle, na modhanna a bhunú chun diallais charnacha a chur san áireamh, idir dhiallais aníos agus dhiallais síos, ón gconair coigeartaithe fhioscaigh a comhaontaíodh. I gcás na mBallstát sin a bhfuil dúshláin ísle fiachais phoiblí acu, ba cheart a áirithiú leis an gconair fhioscach sna pleananna náisiúnta go gcoinneofar an t-easnamh go hinchreidte faoi bhun 3 % ar bhonn leanúnach nó go mbeidh ísliú leordhóthanach ag teacht ar an teorainn sin, agus go gcoinneofar an cóimheas fiachais ar leibhéal stuama, i bhfianaise an ghá atá le hinbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a áirithiú agus chun carnadh fiachais nach bhfuil údar leis a sheachaint.

h) Ba cheart forfheidhmiú a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí thrédhearcacht níos fearr. Ba cheart méid airgeadaíochta tosaigh na smachtbhannaí airgeadais a laghdú chun cur i bhfeidhm níos réadúla a cheadú.

i) Ba cheart an clásal éalaithe ginearálta le haghaidh suaití móra sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine a shonrú chun oiriúnú d'imthosca eisceachtúla sa chaoi nach bhféadfaí cloí go réadúil leis an gconair coigeartaithe fhioscaigh agus chun diallais shealadacha ón bplean meántéarmach a cheadú. Ina theannta sin, le clásal cúinsí eisceachtúla, ba cheart diallais shealadacha ón gconair coigeartaithe fhioscaigh a cheadú i gcás cúinsí eisceachtúla lasmuigh de smacht an rialtais a bhfuil tionchar mór acu ar airgeadas poiblí de chuid Ballstáit aonair. Ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bhunú maidir le clásail éalaithe a ghníomhachtú agus a fhadú. Ba cheart ról a bheith ag an gComhairle i gcur i bhfeidhm na gclásal éalaithe ar bhonn measúnú ón gCoimisiún.

j) Ba cheart an ról atá ag institiúidí neamhspleácha fioscacha náisiúnta (IFInna) maidir le réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha a tháirgeadh nó a fhormhuiniú a choinneáil agus a chur in oiriúint do na pleananna meántéarmacha fioscacha-struchtúracha agus d'fhéadfaí íoschaighdeáin a fhiosrú. Níor cheart go mbeadh ról ag IFInna i gcéim deartha na bpleananna náisiúnta. Ba cheart féachaint ar ról níos láidre a bheith ag an mBord Fioscach Eorpach sa chreat rialachais eacnamaíoch.

k) Na Ballstáit a úsáideann an táscaire comhardaithe struchtúraigh ina gcreataí fioscacha náisiúnta, ba cheart dóibh a bheith in ann conair an chaiteachais a aistriú go dtí an comhardú struchtúrach chun críoch buiséadach náisiúnta amháin.

l) Tá an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha ríthábhachtach chun míchothromaíochtaí a imríonn drochthionchar ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú. Ba cheart an nós imeachta a bheith níos réamhbhreathnaithí chun rioscaí a bheadh ag teacht chun cinn a bhrath ag céim níos luaithe. Ba cheart é a dhéanamh níos dinimiciúla freisin, trí mheasúnú na míchothromaíochtaí a bhunú níos mó ar éabhlóid na rioscaí agus ar chur chun feidhme na mbeartas, agus ba cheart critéir níos soiléire a bheith ann chun stádas na mBallstát a ghéarú agus a dhíghéarú faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. Ba cheart úinéireacht, intuarthacht, trédhearcacht, cóir chomhionann, forfheidhmiú agus gné an limistéir euro den nós imeachta a fheabhsú.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhcholún de struchtúr an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) é an creat rialachais eacnamaíoch, lena dtacaítear le cobhsaíocht an airgeadra choitinn agus le hathléimneacht gheilleagar an limistéir euro. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an Dréachtphlean Buiséadach i gcomhordú an bheartais fhioscaigh agus a áirithiú go mbeidh dréachtbhuiséid Bhallstáit an limistéir euro i gcomhréir le rialacha fioscacha an Aontais. AONTAÍONN SÍ gur cheart leanúint den chleachtadh sin faoin gcreat athchóirithe i bhfianaise comhordú láidir ar an mbeartas fioscach laistigh den limistéar euro, agus tacaíocht á fáil ón moladh don limistéar euro maidir le beartas fioscach agus faireachán a dhéanamh ar an staid bhuiséadach fhoriomlán sa limistéar euro. AITHNÍONN SÍ gur cheart an anailís sa Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a fhorbairt chun feabhas a chur ar ghné an limistéir euro den nós imeachta. AONTAÍONN SÍ go bhféadfaí an creat le haghaidh faireachas iarchláir a chuíchóiriú agus go bhféadfaí déine an fhaireachais a mhodhnú le himeacht ama agus ar fud na mBallstát ag brath ar fhorbairtí eacnamaíocha, fioscacha nó airgeadais. MEASANN SÍ gur cheart a chur san áireamh sa chreat rialachais eacnamaíoch agus sna céimeanna breise chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a dhoimhniú na ceachtanna a foghlaimíodh ó fhreagairtí beartais eacnamaíoch an Aontais ar ghéarchéimeanna roimhe seo.

7. IARRANN SÍ go leanfaí den obair go pras ar an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch, roimh aon tograí reachtacha agus ina ndiaidh. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá le tuilleadh soiléirithe agus plé, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar chonair an Choimisiúin, leis na ceanglais ar na Ballstáit a meastar go bhfuil dúshláin ísle fiachais acu, lena n-áirítear b'fhéidir conair fhioscach, leis an sainmhíniú ar chomhiomlán an chaiteachais, oiriúnacht agus dearadh na dtagarmharcanna cainníochtúla coiteanna chun tacú leis an gcreat athchóirithe, na prionsabail maidir leis an gconair fhioscach a leathnú, ról na moltaí tír-shonracha, forfheidhmiú na bpleananna náisiúnta agus dreasachtaí le haghaidh athchóirithe agus infheistíochta.

8. MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir le hAirteagal 2 de, go bhfuil an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG) le léiriú i gcomhréireacht le dlí an Aontais agus le bheith infheidhme a mhéid atá sé ag luí leis an dlí sin. AITHNÍONN SÍ gur cheart comhsheasmhacht TSCG leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athbhreithnithe a áirithiú. IARRANN SÍ go ndéanfaí machnamh chun an chomhsheasmhacht sin a áirithiú.

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, sula bhfoilsíonn sé a thograí reachtacha, aird a thabhairt ar thuairimí comhchosúla na mBallstát agus leanúint de bheith i dteagmháil leis na Ballstáit sna réimsí a shainaithnítear le haghaidh plé breise. TÁ SÉ BEARTAITHE AICI na chéad chéimeanna ionchasacha eile a phróiseáil sa Chomhairle chun go dtabharfaí an obair reachtach chun críche in 2023.